**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Harley-Davidson Europe agus Neovia Logistics Services International v an Coimisiún**

**(Cás T-324/21)** [1]

***(Aontas Custaim – Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 – Tionscnamh neamhfhabhrach gluaisrothar áirithe arna monarú ag Harley-Davidson a chinneadh – Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena n-iarrtar go ndéanfar cinntí maidir le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh arna nglacadh ag na húdaráis chustaim náisiúnta a chúlghairm – An coincheap "oibriú nó próiseáil nach bhfuil údar eacnamaíoch leo" – An ceart chun éisteacht a fháil)***

(2023/C 134/12)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Harley-Davidson Europe Ltd (Oxford, an Ríocht Aontaithe), Neovia Logistics Services International (Vilvoorde, an Bheilg) (ionadaithe: O. van Baelen, G. Lebrun, Dlíodóirí, agus T. Lyons, KC)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: F. Clotuche-Duvieusart agus M. Kocjan, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Leis an gcaingean seo atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/563 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 maidir le bailíocht cinntí áirithe maidir le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh (IO 2021 L 119, lch. 117, atá dírithe chuig Ríocht na Beilge, a chur ar neamhní. Leis an gcinneadh sin, d'iarr an Coimisiún Eorpach go gcúlghairfí dhá chinneadh maidir le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh, arna nglacadh i bhfábhar Neovia thar cheann Harley-Davidson, maidir le catagóirí áirithe gluaisrothair arna monarú ag Harley-Davidson sa Téalainn a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach, tríd an mBeilg.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Harley-Davidson Europe Ltd agus do Neovia Logistics Services International na costais a íoc.

[1] IO C 297, 26.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Worldwide Brands v EUIPO – Wan (CAMEL)**

**(Cás T-552/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh CAMEL – Fianaise a cuireadh isteach den chéad uair os comhair an Bhoird Achomhairc – Airteagal 95(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Airteagal 27(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 – Fíorúsáid an trádmhairc – Airteagal 58(1)(a) de Rialachán 2017/1001 – Easpa measúnú ar fhianaise áirithe a cuireadh isteach)***

(2023/C 134/13)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Worldwide Brands, Inc. Zweigniederlassung Deutschland (Köln, an Ghearmáin) (ionadaithe: J. L. Gracia Albero, R. Ahijón Lana agus B. Tomás Acosta, Dlíodóirí)